

## **Ráiteas Príobháideachais RTÉ**

Tá meas ag RTÉ ar phríobháideachas gach cuairteoir ar ár láithreán gréasáin. Tugann an Ráiteas Príobháideachais seo imlíne ar ár bpolasaí maidir le bailiú agus úsáid na faisnéise pearsanta a bhailíonn RTÉ ó úsáideoirí an láithreáin ghréasáin seo. Féadfaimid ár Ráiteas Príobháideachais a thabhairt cothrom le dáta ó am go ham chun aon athruithe ar theicneolaíocht nó ar reachtaíocht a bhféadfadh éifeacht a bheith acu ar an tslí a phróiseálaimid do chuid faisnéise pearsanta a léiriú. Ina theannta sin, níl RTÉ freagrach as cleachtais phríobháideacha aon láithreáin ghréasáin seachtracha a d'fhéadfá dul isteach orthu tríd an láithreán gréasáin seo a úsáid agus mar sin molaimid duit féachaint ar ráitis phríobháideachais na láithreán gréasáin sin mar gheall go bhféadfadh siad a bheith faoi réir riachtanas príobháideachais éagsúil. Tá aon phróiseáil faisnéise pearsanta a bhailíonn RTÉ mar thoradh ar an úsáid a bhaineann tú as an láithreán gréasáin seo á rialáil ag forálacha Achtanna um Chosaint Sonraí na hÉireann 1988 agus 2003.

### **Cad é an fhaisnéis phearsanta a bhailíonn RTÉ nuair a thugaim cuairt ar a láithreán gréasáin?**

Féadfaidh RTÉ faisnéis faoi do sheoladh poist nó ríomhphoist a bhailiú nuair a chuireann tú isteach ar chomórtas. Má chláraíonn tú le haghaidh ár seirbhís foláirimh féadfaimid faisnéis den sórt sin a bhailiú chomh maith. Má cheannaíonn tú aon rud ónár Siopa Ar Líne féadfaimid mionsonraí faoi do mhodh íocaíochta agus do sheoladh a fháil chomh maith.

Is éard is aidhm leis an bpolasaí príobháideachais seo míniú a thabhairt ar an tslí a bhailíonn agus a úsáideann RTÉ an t-eolas pearsanta a bhailíonn sé fút tríd an úsáid a bhaineann tú as an láithreán gréasáin seo. Cinnteoidh RTÉ.ie go gcoimeádfaidh sé an fhaisnéis phearsanta go léir a chuirfidh tú ar fáil de réir a chuid oibleagáidí faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí reatha.

D'fhéadfaí iarraidh ort eolas pearsanta, mar uimhir d'fhóin phóca, a sholáthar más mian leat a bheith rannpháirteach i gcomórtais nó más mian leat clárú le haghaidh ceann ar bith de sheirbhísí foláirimh ríomhphoist RTÉ.ie. Ní nochtar an fhaisnéis sin chuig aon tríú páirtí gan do thoiliú a fháil roimh ré.

Nuair a sholáthraíonn tú aon eolas pearsanta do RTÉ.ie (e.g. le haghaidh comórtais) tá oibleagáidí dlí orainn i do leith maidir leis an tslí a úsáidimid na sonraí sin. Caithfimid na sonraí sin a bhailiú go cóir, is é sin, caithfimid míniú a thabhairt ar an tslí a úsáidimid iad (féach na fógraí ar leathanaigh áirithe den láithreán gréasáin a thugann le fios duit cén fáth a mbíonn an t-eolas á iarraidh againn) agus caithfimid a insint duit más mian linn an t-eolas a chur ar aghaidh chuig aon duine eile.

De ghnáth, ní úsáidfear faisnéis ar bith a sholáthraíonn tú chuig RTÉ ach amháin laistigh de RTÉ agus ag a ghníomhairí agus a sholáthróirí seirbhíse. Nochtófar do chuid faisnéise sa chás go mbeidh ceanglas dlí orainn nó cead faoin dlí againn sin a dhéanamh. Chomh maith leis sin, má sheolann tú ábhar gránna, míchuí nó inlochtaithe áit ar bith ar RTÉ.ie nó chuige nó má théann tú i mbun iompair thrioblóidigh ar bith eile ar RTÉ.ie, féadfaidh RTÉ cibé faisnéis fútsa atá ar fáil dó a úsáid chun stop a chur le hiompar den sórt sin. D'fhéadfadh go mbeadh i gceist leis

sin tríú páirtithe mar d'fhostóir, soláthróir ríomhphoist/Idirlín do scoile agus gníomhaireachtaí formhuinthe dlí a chur ar an eolas faoin ábhar agus faoi d'iompar.

Coimeádfaimid do chuid faisnéise pearsanta ar ár gcórais chomh fada agus a mbainfaidh tú úsáid as an tseirbhís a d'iarr tú, agus bainfimid arís é sa chás nár comhlíonadh an cuspóir. Sa chás go gcoimeádtar faisnéis phearsanta do dhaoine nach bhfuil cláraithe fós ach a ghlac páirt i seirbhísí eile de chuid RTE.ie (e.g. comórtais), coimeádfar an fhaisnéis sin chomh fada is a bheidh riachtanach lena chinntiú go mbeidh seirbhís riachtanach ann. Cinnteoidimid go gcoimeádfar gach faisnéis phearsanta go daingean, de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Leagtar amach an tréimhse coinneála i dTearmaí agus Coinníollacha chomórtas agus seirbhísí.

Má chuirtear ar an eolas tú ar RTÉ.ie go bhféadfaí do chuid eolais a úsáid le deis a thabhairt do RTÉ teagmháil a dhéanamh leat “chun críocha riaracháin seirbhíse”, ciallaíonn sin go bhféadfaidh RTÉ teagmháil a dhéanamh leat ar roinnt cúiseanna a bhaineann leis an tseirbhís dá bhfuil tú cláraithe. Mar shampla, d'fhéadfadh gur mian linn meabhrúcháin i leith pasfhocail a sholáthar duit nó fógra a thabhairt duit go bhfuil seirbhís ar leith curtha ar fionraí le haghaidh cothabhála. Ní dhéanfaimid teagmháil leat chun críocha cur chun cinn, mar shampla tú a chur ar an eolas maidir le feabhsúcháin ar an tseirbhís nó seirbhísí nua ar RTÉ.ie ach amháin sa chás go gcomhaontaíonn tú go sonrach go ndéanfaí teagmháil leat chun críocha mar sin an tráth a chuireann tú do chuid faisnéise isteach chuig an láithreán, nó ag tráth ina dhiaidh sin má chláraíonn tú go sonrach chun faisnéis chur chun cinn mar sin a fháil.

Baineann RTÉ.ie úsáid as fianáin. Is comhaid téacs bheaga iad sin a aithníonn do ríomhaire dár bhfreastalaí. Cabhraíonn siad linn faisnéis a bhailiú faoi cé chomh minic a thugtar cuairt ar ár láithreáin agus cé mhéad duine a dhéanann sin. Ní aithníonn fianáin an t-úsáideoir faoi leith, díreach an ríomhaire a úsáidtear. Bainimid úsáid as an bhfaisnéis sin ansin chun monatóireacht a dhéanamh ar rochtain ar ár láithreán agus chun an tseirbhís a chuirimid ar fáil dár gcustaiméirí a fhorbairt agus a fheabhsú dá réir.

Tá naisc chuig láithreáin tríú páirtí ar láithreán RTÉ.ie. Ní bhaineann an ráiteas príobháideachais seo leis na láithreáin sin agus níl RTÉ.ie freagrach as cleachtas príobháideachais nó ábhar na láithreán gréasáin tríú páirtí sin.

Má tá tú 18 bliain d'aois nó faoina bhun sin fiafraigh de do thuismitheoir nó caomhnóir an bhfuil cead agat do chuid faisnéise pearsanta a chur ar fáil dúinn.

Má tá aon cheist nó fiosrúchán agat faoin ráiteas polasaí seo ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh lenár ndeasc cabhrach ag [info@rte.ie](mailto:info@rte.ie)

**Cén chaoi a mbeidh a fhios agam go bhfuil mo chuid faisnéise pearsanta á coimeád go sábháilte agus go daingean má roghnaím mo chuid mionsonraí a sholáthar chun seirbhísí ar an láithreán a fháil?**

Tá freastalaithe RTÉ a choimeádann faisnéis phearsanta suite ar champas RTÉ i láithreacha slána. Bíonn mionsonraí cártaí creidmheasa agus cártaí dochair stóráilte i bhfoirm chriptithe ar mhaithe le slándáil bhreise.

### **Conas a bhainfidh RTÉ úsáid as mo chuid faisnéise?**

Má fhaigheann RTÉ aon fhaisnéis phearsanta faoina gcuairteoirí mar thoradh ar aon chumarsáid le RTÉ tríd an láithreán gréasáin, tugann RTÉ gealltanais nach n-úsáidfear an fhaisnéis ach amháin chun na críocha sin dár bailíodh í agus nach ndáilfear í ná nach n-úsáidfear í chun aon chríocha eile.”

### **An gcuireann sibh aon fhaisnéis phearsanta ar aghaidh chuig tríú páirtithe?**

Níl sé de pholasaí ag RTÉ faisnéis phearsanta a chur ar aghaidh chuig aon tríú páirtithe. Nuair a bhaineann daoine úsáid as Siopa RTÉ is soláthróir seirbhíse atá ar conradh le RTÉ a phróiseálann an t-ordú. Bíonn oibleagáid chonartha ar an soláthróir seirbhíse faisnéis phearsanta a choimeád don chuspóir dá mbíonn sí beartaithe agus gan aon fhaisnéis phearsanta a chur ar aghaidh chuig tríú páirtithe. Ar an tsli céanna, nuair a chaitheann daoine vóta i gcomórtais cuirtear próiseáil na vótaí ar conradh chuig soláthróirí seirbhíse. Bíonn oibleagáid chonartha den sórt céanna ar na soláthróirí seirbhíse sin.

### **An n-aistríonn sibh aon chuid den fhaisnéis a bhailítear thar lear chun críocha eile?**

Ní aistríonn RTÉ faisnéis phearsanta ar bith thar lear.

### **An ndéantar an láithreán gréasáin a óstáil in Éirinn?**

Déantar láithreán gréasáin RTÉ a óstáil in Éirinn.

### **Cén fhad a choinneoidh RTÉ mo chuid eolais?**

Tugann RTÉ gealltanais freisin nach gcoinneofar faisnéis phearsanta níos faide ná mar a theastaíonn sí agus nach gcoinneofar an fhaisnéis sa chás nach mbaineann na cuspóirí dár bailíodh an fhaisnéis i dtús báire le hábhar níos mó.

### **Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh ar chóip de mo chuid faisnéise phearsanta atá ar coimeád ag RTÉ agus a bailíodh tríd an láithreán gréasáin seo a úsáid?**

Tá sé de cheart ag duine ar bith iarratas rochtana a dhéanamh i scríbhinn, faoi Alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, ar chóip de na sonraí pearsanta a choimeádann RTÉ fúthu a fháil. Féadfaidh RTÉ tuilleadh eolais maidir le céannacht a iarraidh ort sula scaoiltear leis an bhfaisnéis agus féadfaidh siad táille uasta de €6.35 a ghearradh ar sholáthar na faisnéise sin duit. Tá 40 lá ag RTÉ an t-iarratas rochtana a chomhlíonadh, faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí. Ba chóir a thabhairt ar aird go bhfuil díolúintí sonracha ann faoi alt 21 den Acht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003 a bhaineann le faisnéis phearsanta a choimeádtar chun críocha iriseoireachta, ealaíonta agus litríochta.

Más mian le daoine a fháil amach cén fhaisnéis phearsanta atá ar coimeád ag RTÉ fúthu, féadfaidh siad ríomhphost a sheoladh chuig [peter.feeney@rte.ie](mailto:peter.feeney@rte.ie) nó scríobh chuig

Peter Feeney  
Ceann Pholasáí Gnóthaí Poiblí  
RTÉ,  
Domhnach Broc  
Baile Átha Cliath 4

Tá eolas ginearálta faoi Chosaint Sonraí ar fáil ó laithreán gréasáin Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. ([www.dataprotection.ie](http://www.dataprotection.ie)). Mar eagraíocht atá faoi cheanglas clárú le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, tá tuilleadh eolais faoin gcineál eolais a choimeádann RTÉ le feiceáil ar an gclár poiblí atá ar láithreán gréasáin an Choimisinéara chomh maith.